Data Protection Commission

# An bhfuil aon teorainneacha ann ar chearta cosanta sonraí mo linbh?

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
DO2 RD28, Éireann.

## Cé na cearta cosanta sonraí atá ag mo leanbh?

Is ionann an raon ceart cosanta sonraí do leanaí agus d'aosaigh. Ciallaíonn sé sin go dtarlaíonn sé, nuair a fheidhmíonn tuismitheoir cearta cosanta sonraí a linbh, go bhfuil sé/sí i dteideal, ach amháin i gcás roinnt eisceachtaí atá leagtha amach thíos, a fháil amach cén fhaisnéis a shealbhaíonn eagraíocht faoina leanbh agus a iarraidh go ndéanfaí an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta, a cheartú nó a léirscriosadh agus go bhfuil sé/sí i dteideal gach cirt eile atá ag aosaigh faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus faoi dhlíthe gaolmhara. Soláthraítear le GDPR cosaintí breise do leanaí. Mar shampla, ní fhéadfaidh ach tuismitheoirí nó caomhnóirí toiliú a thabhairt do leanaí faoi bhun aois áirithe, ní mór faisnéis trédhearcachta atá dírithe ar leanaí a bheith scríofa i dteanga shothuigthe, agus tá ceart ar leith ag leanaí a iarraidh go léirscriosfaí a bhfaisnéis, más mian leo.

## An dearbhchearta iad na cearta uile sin?

Ní dearbhchearta iad. Amhail i gcás aosach, ní dearbhcheart é an ceart chun cosaint sonraí atá ag do leanbh. Ciallaíonn sé sin gur féidir go mbeidh imthosca ann ina mbeidh srianta ann ar an úsáid a fhéadfaidh leanaí (agus tuismitheoirí nó caomhnóirí, ag gníomhú dóibh thar a gceann) a bhaint as a gcearta cosanta sonraí. Mar shampla, is féidir go gceanglófar le GDPR nó le dlíthe eile tosca atá san iomaíocht lena chéile nó cearta agus leasanna daoine eile a chur san áireamh. Seo a leanas roinnt samplaí d'imthosca inar féidir go mbeidh teorainn ann ar chearta cosanta sonraí do linbh.

## Grianghraif agus físeáin phríobháideacha

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach bhfuil feidhm ag an dlí cosanta sonraí, tríd is tríd, maidir leis an bhfaisnéis a bhailíonn tú faoi dhaoine eile le linn do ghnáthghníomhaíochtaí laethúla príobháideacha. Mar shampla, ní mheasfar na sonraí pearsanta de chuid daoine eile a choinníonn tú i do leabhar seoltaí, i do chomhfhreagras príobháideach agus i d'albaim grianghraf agus físeán príobháideach a bheith ina n-ábhair imní cosanta sonraí, tríd is tríd, ar choinníoll nach gcomhroinnfidh tú na sonraí pearsanta sin go poiblí agus nach gcoinneoidh tú iad ach amháin ar chúiseanna pearsanta.

Ciallaíonn sé sin, mar shampla, gurb annamh a bheidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí in ann réiteach a dhéanamh ar dhíospóid idir tú féin agus cara nó comharsa faoi shonraí a shealbhaítear go príobháideach faoi do leanbh. D'aontódh formhór na ndaoine gur cheart na cineálacha díospóidí sin a réiteach idir na páirtithe iad féin agus nár cheart do na húdaráis idirghabháil a dhéanamh iontu ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

## Sampla

Déanann do chomharsa gearán á rá go ndearna do leanbh treaspás ar a réadmhaoin agus gur bhuail sé/sí a chloigín dorais mar chleas. Léiríonn sé pictiúr duit den chloigín dorais a bheith á bhualadh ag do leanbh, rud a thóg sé ar a fhón agus é laistigh den teach. Tá seans ann nach mbeidh tú sásta, agus cúis mhaith agat, gur thóg duine éigin pictiúr de do leanbh gan cead a fháil uait agus go mbeidh tú ag iarraidh a fháil amach cé acu a sháraíonn nó nach sáraíonn sé sin an dlí cosanta sonraí. Fad a thóg do chomharsa an pictiúr go dleathach, ní dóigh go mbeidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an ní seo.

Is é an rogha is fearr i gcás na gcineálacha díospóide seo ná féachaint le hiad a réiteach go príobháideach. Is fiú i gcónaí cur chuige ciallmhar gnáthchúirtéise a ghlacadh i leith pictiúir de dhaoine eile a thógáil agus a chomhroinnt, cibé acu i spás poiblí nó i spás príobháideach, agus bheith sásta pictiúir agus físeáin de dhaoine eile a scriosadh nuair a iarrtar ort déanamh amhlaidh.

Is féidir leis an seasamh bheith difriúil i gcás go ndéanann duine éigin sonraí pearsanta a shealbhaítear go príobháideach a chomhroinnt leis an domhan mór, mar shampla trí ghrianghraif nó físeáin a phostáil ar chuntais phoiblí meán sóisialta, ar bhlaganna nó ar shuíomhanna Gréasáin pearsanta. Is é an phríomhdhifríocht anseo ná gur comhroinneadh sonraí do linbh le spriocphobal domhanda nach bhfuil aon teorainn leis. Ní féidir a rá a thuilleadh go sealbhaítear na sonraí go príobháideach, toisc gur féidir le haon duine iad a rochtain agus cóipeanna a dhéanamh díobh anois.

## Sampla

In ionad an pictiúr a léiriú duit ar a fhón, comhroinneann do chomharsa an pictiúr ar a chuntas poiblí meán sóisialta mar chuid de phostáil ina bhfuil sé ag déanamh gearán faoi iompraíocht na leanaí sa limistéar. Sa chás seo, toisc go ndearna do chomharsa sonraí do linbh a chomhroinnt go poiblí ar líne, ní ábhar príobháideach é a thuilleadh agus d'fhéadfadh sé a bheith ina shaincheist cosanta sonraí. I gcásanna den sórt seo, is fearr duit teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gcuideachta meán sóisialta chun iarraidh uirthi an phostáil a scriosadh a luaithe is féidir.

# Doiciméid ina bhfuil sonraí do linbh agus sonraí daoine eile araon

Agus tú ag iarraidh mionsonraí faoi shonraí pearsanta do linbh nó cóipeanna de na sonraí sin, ná déan dearmad go dtarlaíonn sé, amhail i gcás gach duine eile, nach bhfuil do leanbh i dteideal ach a s(h)onraí pearsanta féin a fháil, seachas sonraí pearsanta daoine eile. Tá sé sin ábhartha go háirithe nuair a iarrann tú cóip de dhoiciméad ina bhfuil sonraí do linbh agus sonraí daoine eile araon, amhail sonraí leanaí eile nó sonraí na mball foirne ag scoil do linbh. Is féidir go mbeidh ar an eagraíocht a bhfuil sonraí do linbh ina seilbh aici an doiciméad a chur in eagar, nó faisnéis shonrach a thabhairt duit faoi do leanbh ar leithligh, ar mhaithe leis na cearta chun príobháideachta agus chun cosaint sonraí atá ag na daoine eile lena mbaineann a chosaint.

## Sampla

Faigheann tú ríomhphost ó scoil do linbh á rá go ndearna tuismitheoir eile líomhain bhulaíochta in aghaidh do linbh. Tá leagan curtha in eagar den litir a sheol an tuismitheoir eile i gceangal leis an ríomhphost. Cé go dtugtar ann tuairisc ar an teagmhas líomhnaithe, fágtar ar lár uaidh aon fhaisnéis lena sainaithnítear an tuismitheoir nó a leanbh. Iarrann tú cóip iomlán den litir, ach diúltaíonn an scoil don iarraidh sin toisc gur iarr an leanbh eile go bhfanfaí gan ainm é/í.

Ós rud é go ndearnadh líomhain thromchúiseach in aghaidh do linbh, is féidir go mbeidh tú ag iarraidh a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil tú i dteideal cóip iomlán den litir a fháil faoin dlí cosanta sonraí, toisc go bhféadfadh sé sin cabhrú leat freagra a thabhairt ar an líomhain agus taobh do linbh féin den scéal a insint. Is féidir go mbraithfidh tú gur fearr duit teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an tuismitheoir eile chun an fhadhb a réiteach.

Is é an rud ba cheart don scoil a dhéanamh sa chás seo, áfach, ná an fhaisnéis sin a choinneáil siar toisc gur le duine éigin eile í. Cé go bhfuil ceart ag do leanbh chun cóip dá s(h)onraí féin a fháil, ní dearbhcheart é sin. Ní mór ceart do linbh a chothromú in aghaidh tosca eile, amhail na cearta chun príobháideachta agus chun cosaint sonraí atá ag na daoine eile lena mbaineann. D'aontódh formhór na ndaoine go bhfuil ceart ag leanbh, agus ag gach duine eile, gearán gan ainm a dhéanamh agus nár cheart cearta cosanta sonraí dhuine A a úsáid chun aitheantas dhuine B a nochtadh in aghaidh a t(h)ola.

I mbeagán focal, ní mór cearta cosanta sonraí do linbh a chothromú in aghaidh cearta daoine eile, amhail a c(h)airde, a p(h)áirtithe ranga, a m(h)úinteoirí agus baill foirne scoile. Tá ceart ag na daoine sin freisin a chinntiú go gcosnófar a sonraí pearsanta.

## Oibleagáidí dlíthiúla agus sonraí do linbh

Tá oibleagáidí dlíthiúla ar a lán eagraíochtaí faisnéis áirithe a choinneáil faoi do leanbh. Mar shampla, teastaíonn ó scoil do linbh faisnéis amhail a rang, a (h)ábhair, a g(h)ráid agus a f(h)aisnéis teagmhála éigeandála ionas gur féidir léi oideachas a chur ar do leanbh agus é/í a chosaint nuair a bhíonn do leanbh ar réadmhaoin na scoile. Ní mór do lia-chleachtóir ginearálta do linbh a t(h)aifid liachta a choinneáil ar feadh tréimhse áirithe, fiú amháin tar éis duit lia-chleachtóirí ginearálta a athrú. Má tá pas ag do leanbh, beidh ar Oifig na bPasanna taifid áirithe a choinneáil faoi iarratas do linbh ionas go mbeidh a fhios aici cén uair a bheidh an pas le hathnuachan agus chun críocha eile. Ní mór do gach ceann de na heagraíochtaí sin roinnt de shonraí do linbh a choinneáil, fiú amháin i gcás mura dtoilíonn tú leis sin nó má athraíonn tú d'intinn tráth níos déanaí.

Ná déan dearmad nach gá go sáraítear leis an dlí cosanta sonraí réimsí eile den dlí. Má cheanglaítear le dlí ar eagraíocht faisnéis áirithe a choinneáil faoi do leanbh – mar shampla de réir na reachtaíochta sláinte nó na reachtaíochta cosanta leanaí – beidh tionchar ag na hoibleagáidí dlíthiúla sin ar chearta do linbh i ndáil leis na sonraí sin agus d'fhéadfadh siad teorainn a chur ar na cearta sin. Mar shampla, is féidir nach mbeifear in ann a shocrú go ndéanfaí na sonraí a athrú nó a scriosadh nó, in aon chás, a shocrú go ndéanfaí é sin láithreach.

## Ailt nuachtáin

Ceann amháin de bhunphrionsabail an dlí cosanta sonraí is ea nár cheart é a úsáid mar uirlis chun cearta bunúsacha daoine eile a chur faoi chois, amhail an ceart chun saoirse cainte agus an ceart chun faisnéise. Tá an nuacht, tuairisciú ar chúrsaí reatha agus cineálacha eile iriseoireachta ina samplaí tábhachtacha den tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus déantar le dlíthe socrú sonrach don dóigh ar cheart dóibh sin oibriú i gcomhthéacs cosanta sonraí. Is féidir go gcuirfear leis na dlíthe sin srian ar conas agus cén uair a fhéadfaidh daoine – lena n-áirítear leanaí agus tuismitheoirí agus caomhnóirí, ag gníomhú dóibh thar ceann leanaí – a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú. Tá rialacha agus coimircí seanbhunaithe ann maidir le tuairisciú ar leanaí sna meáin freisin, ar nithe iad a chosnaíonn leanaí ar iriseoireacht a sháródh an ceart chun príobháideachta atá acu. Mar sin féin, más rud é go bhfuil do leanbh ina (h)ábhar d'alt nuachtáin agus go bhfuil leas suntasach ag an bpobal sa scéal, ní bheifear in ann a shocrú i ngach cás go scriosfaí an t-alt. In imthosca áirithe, áfach, is féidir go mbeidh tú in ann a shocrú go ndéanfaí an t-alt a dhíliostú ó innill chuardaigh ionas nach mbeadh aon duine a chuardódh ainm do linbh in ann é a aimsiú. Is é an pointe atá tábhachtach anseo ná nach dearbhcheart é an ceart chun tuairimí a nochtadh ná an ceart chun cosaint sonraí atá ag duine agus go mbeidh cothromú na gceart sin ag brath ar fhíorais agus imthosca gach cáis, mar aon leis na dlíthe is infheidhme.

## Éilimh dhlíthiúla

Imthoisc eile inar féidir go mbeidh sé riachtanach cearta cosanta sonraí a chothromú in aghaidh cearta daoine eile is ea cás inar gá sonraí a shealbhú agus a phróiseáil chun éilimh dhlíthiúla a dhéanamh nó chun cosaint in aghaidh éilimh dhlíthiúla.

### Sampla

Feiceann duine óg i mbialann mhearbhia teagmhas amhail duine a bheith ag tuisliú nó a bheith á b(h)rú. Insíonn an duine óg do bhainisteoir faoi cad a chonaic sé/sí agus tugann sé/sí a (h)ainm. Déanann duine eile éileamh díobhála pearsanta in aghaidh na bialainne, ach níl an duine óg ag iarraidh aon ról a bheith aige/aici sa scéal.

Má fheidhmíonn an duine óg sin (nó a t(h)uismitheoir, ag gníomhú dó/di thar a c(h)eann) an ceart atá aige/aici chun a iarraidh go léirscriosfaí a s(h)onraí pearsanta, is féidir go mbeidh forais ag an mbialann le diúltú don iarraidh sin toisc go bhfuil na sonraí sin ag teastáil uaithi chun í féin a chosaint in aghaidh an éilimh dhlíthiúil. Mar sin féin, ní bheidh an bhialann in ann na sonraí sin a choinneáil ach amháin fad a bheidh sí ina hábhar d'imeachtaí dlíthiúla i ndáil leis an teagmhas. A luaithe a rachaidh an tréimhse ina bhféadfar éilimh dhlíthiúla a dhéanamh in éag, ní bheidh aon chúis ag an mbialann leis na sonraí a choinneáil agus ní mór di iad a scriosadh.

## Mar achoimre

Ní dearbhchearta iad cearta cosanta sonraí agus is minic a bheidh sé riachtanach iad a chothromú in aghaidh cearta agus leasanna eile. Ach, fiú amháin i gcás go bhfuil teorainn ann ar chearta do linbh, beidh an ceart ag do leanbh i gcónaí chun féachaint lena c(h)earta cosanta sonraí a fheidhmiú agus, i gcás go ndiúltófar dá (h) iarraidh, chun míniú a fháil ar an diúltú agus ar na forais leis an diúltú. Más rud é nach mbeidh sé/sí sásta go fóill, féadfaidh do leanbh gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún.

### Na príomhphointí atá le baint ag tuismitheoirí

- Is ionann na cearta cosanta sonraí do leanaí agus d'aosaigh. Amhail i gcás aosach, áfach, ní dearbhchearta iad na cearta atá ag leanaí.
- Sampla amháin de chásanna ina bhfuil teorainn ann ar chearta cosanta sonraí is ea grianghraif agus físeáin phríobháideacha. Tríd is tríd, níl feidhm ag an dlí cosanta sonraí maidir le faisnéis a shealbhaíonn daoine aonair príobháideacha agus nach gcomhroinntear go poiblí. Is fearr díospóidí faoi shonraí a shealbhaítear go príobháideach a réiteach go príobháideach.
- Níl do leanbh i dteideal ach a s(h)onraí féin a fháil, seachas sonraí daoine eile. Má dhéanann tú iarraidh ar dhoiciméad ina bhfuil sonraí do linbh agus sonraí daoine eile araon, ba cheart an doiciméad sin a chur in eagar chun cearta na ndaoine eile a chosaint.
- Ní sháraítear leis an dlí cosanta sonraí aon réimsí eile den dlí. Tá oibleagáidí dlíthiúla ar eagraíochtaí áirithe sonraí do linbh a shealbhú, is cuma cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú leis sin.
- Aithnítear leis an dlí cosanta sonraí a thábhachtaí atá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i nuachtáin agus i gcineálacha eile iriseoireachta. Is féidir leis an tsaoirse sin srian a chur ar chearta áirithe cosanta sonraí, ach is minic is féidir a shocrú go ndéanfaí ailt a dhíliostú ó innill chuardaigh.
- Cé go bhféadfar sonraí do linbh a choinneáil má tá siad ag teastáil chun cosaint in aghaidh éileamh dlíthiúil, ní fhéadfar iad a choinneáil ach amháin ar feadh an mhéid íosta ama is gá.

An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission
www.dataprotection.ie

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
DO2 RD28, Éireann.